

❖ An Lúibín ❖

13 Mí na Feabhra 2006



LánLÁ

The Irish-language newspaper LÁ (www.nuacht.com) is now available in full PDF format – as good, they say, as getting it in the shop. Go to the site and up to the top of the page.

Scéal ó Fheargus Ó Snodaigh ag LÁ: Má fhéachann tú ar bharr an leathanaigh ar an leagan ar-líne feicfidh tú nasc ann chun an nuachtán féin a íoslódáil mar PDF.

Is é an nuachtán é mar a fhaightear é sna siopaí sa bhaile. Deir Feargus go mbeidh sé saor in aisce go ceann míosa nó dhó agus go mb'fhéidir go mbeadh síntiús ann ina dhiaidh sin. Bain triail as mar sin agus gan pingin le híoc go fóill. Tá an gnáthleagan giorraithe saor in aisce i gcónaí, ar ndóigh.

Bhí LÁ gan mhórán acmhainní ag tosú dó agus tá gaisce déanta ag an bhfoireann ó shin. Cá bhfios cén toradh a bheidh ar an spleodar sin feasta?



Ag teacht agus ag imeacht

Australia, nation of immigrants: but the many successes should not blind us to the times when the wheels fall off.

Deirtear go bhfuil an Astráil ag brath ar an inimirce chun í féin a chothú. Pléann an Roinn leis na mílte inimirceach gach bliain, agus má tá droch-chlú uirthi féin agus ar an Aire is é scéal na dteifeach a tharraing orthu é. Na lárionaid choinneála, córas cam na víosaí sealadacha, dúire na bhfeidhmeannach – is iad na rudaí seo a chuir an scéal i mbéal an phobail. Ní mór na daoine a iarrann dídean a phróiseáil, agus iad a fhiosrú dá réir; ach admhaítear go forleathan, go fiú ar thaobh an rialtais, go bhfuil gá le leasú. Is leor drochscéal amháin mar shampla: fear a díbríodh ar ais chun na hIndinéis cé gurbh eisean an t-aon taca amháin ag a mháthair sa tseanaois di anseo. D'iarr an tAire Sláinte féin ar an Aire Inimirce géilleadh sa chás sin, rud nach ndearna.

Cás eile – ceann aisteach: buachaill a cuireadh ar ais go dtí an Téalainn tar éis na blianta a chaitheamh anseo agus ar éirigh leis teacht ar ais ar scoil i Melbourne mar dhalta 'eachtrannach,' a bhuíochas sin ar na mílte dollar a bhailigh a chairde Astrálacha leis na táillí a íoc. Astrálach ó cheart é, mura Astrálach ó dhúchas é, rud a thuig a chomhdhaltaí agus roinnt daoine eile. Sa chás seo scaradh a mhuintir óna chéile, cead cónaithe ag cuid acu agus cead imeachta ag cuid eile.

Scéal é seo a thugann léargas ar a lán scéalta eile. Tá mórchathracha na tíre seo beo le daltaí agus le mac léinn ón iasacht (ón Áise de ghnáth), cuid acu ag déanamh go maith, cuid eile i gcruachás cheal Béarla. Fáiltíonn an rialtas rompu agus déanann na hollscoileanna brabach an diabhair astu; caithfidh gach duine acu na mílte dollar a íoc mar tháille, agus bailíonn na mic léinn 'pointí' chun cead buanchónaithe a fháil más mian leo. Ní léir conas a d'éireodh le mo dhuine: tá an teanga ar a thoil aige, ach tá déithe na fáilte ina choinne. Ina dhiaidh sin, cuireann na daoine óga seo le héagsúlacht chultúrtha na tíre, cé nach é sin atá ag dó na geirbe ag lucht riaracháin agus polaitíochta. Mo ghrá thú agus rud agat – rud a ligeann do na hollscoileanna súil a dhúnadh ar na deacrachtaí teanga a chuireann as do chuid mhaith do na mic léinn agus a cheileann idir léann agus chuideachta na tíre orthu.

Féile Idirnáisiúnta Fhilíochta

De thoradh cúnaimh fial urraíochta ó Iomairt Cholm Cille, is féidir le Féile Idirnáisiúnta Fhilíochta Bhéal Átha na mBuillí duaiseanna luachmhara filíochta a thairiscint ar dhán i nGaeilge nó i nGàidhlig na hAlban nó i Manannais. Is fiú €4,000 an chéad duais, €2,000 an dara duais, agus €1,000 an tríú duais. Fógrófar gearrliosta de sheisear, agus gheobhaidh gach file ar an ngearrliosta €450 ar a laghad, nuair a léifidh siad a saothar ag an bhFéile (Aibreán 28 - Bealtaine 1, 2006) i mBéal Átha na mBuillí, Co. Ros Comáin.

Tá baol ann, áfach, áfach go gceapfaidh an lucht eagraithe nach fiú an comórtas a bhuanú mar tá tá líon na n-iontrálacha íseal i mbliana. Má tá tinfeadh fileata ionat, mar sin, anois an t-am lena chur in iúl.

Beirt díobh sin is mó cáil i saol na filíochta Gaelaí iad na breithiúna, Nuala Ní Dhomhnaill na hÉireann agus Aonghas MacNeacail na hAlban. Is é an spriodhata iontrála 15 Feabhra 2006. Níl ach €5 / £4 an dán mar tháille iontrála.

Seoltar na céadta dréacht (70 líne an ceann ar a mhéid) go dtí *Strokestown International Poetry Festival* - Sráid an Bháin, Béal Átha na mBuillí, Co. Ros Comáin, Éire. Is féidir foirmeacha agus eolas a ioslódáil ag www.strokestownpoetryprize.com.

(Ó Phádraig Mac Fhearghusa a fuarthas an t-eolas.)

Atháiteamh

A critical reflection on views expressed by a spokesperson for the Gaelic League - the need for educational reform, the need for a European perspective, the link between language and identity.

Urlabhra de chuid an Chonartha is ea Dáithí Mac Cárthaigh, agus é in ann é féin a chur in iúl le héifeacht – rud a dhéanann sé go minic. Is gearr ó bhí alt leis le léamh ar an *Irish Times* (28ú Eanáir 2006). An méid atá ann ní nuacht aige é, ach ní laigede an argóint í a athdhéanamh go fuaimintiúil. Seanphort an Chonartha atá aige, cé go ndeachaigh cúpla nóta ar seachrán.

Deir an Cárthach gur álainn agus gur áisiúil an teanga é an Béarla, agus é á úsáid ar fud an domhain, ach ní leor é chun féiniúlacht a chaomhnú sa bhaile ná leas na tíre a dhéanamh thar lear i gcúrsaí geilleagair agus gnóthaí eachtracha. Ní buan é stát na hÉireann feasta agus gan d'fhéiniúlacht aige ach cine agus creideamh. Mura bhfuil Gaeilge ann mar bhunús an dúchais ní bheidh san Éireannachas ach cúigeachas cúng eitneach.

Deir sé go dtógann teangacha níos mó ama ná ábhair eile sna scoileanna agus gur gá tréimhse ar leith a chur in áirithe don Ghaeilge dá bharr. Dá mba ábhar roghnach í an Ghaeilge san Ardeist is mór an brú a bheadh ar dhaltaí ábhar níos 'éasca' a dhéanamh ina hionad chun pointí a fháil. Bheadh níos lú daltaí ag déanamh Gaeilge agus bhainfeadh níos lú acu onóracha amach. Is lú an cumas Gaeilge a bheadh ag mic léinn sna coláistí oiliúna agus ba ghearr nach mbeadh múinteoirí ar fáil ag scoileanna lánGhaeilge. Thitfeadh an caighdeán léinn, rud a rachadh i bhfeidhm ar theangacha eile freisin.

Deir sé go n-admhaíonn mórán múinteoirí teanga nach féidir leo Gaeilge a mhúineadh tríd an teanga féin, cé gurb é sin an modh a mholtar. Ní orthusan an locht: ní fhaigheann siad an oiliúint ná an tacaíocht chuige. Tá gá le mioncholáistí sa Ghaeltacht chun tumoideachas a thabhairt d'ábhar múinteoireachta Gaeilge ar feadh bliana.

Tá *Teastas na Gaeilge* ann mar phatrún scrúdaithe agus é bunaithe ar an gcaighdeán oifigiúil Eorpach do theangacha; tástálann sé cumas cainte, éisteachta, léitheoireachta agus scríbhneoireachta, gan bacadh le haistí agus le litriocht. Deir an Cárthach go bhféadfaí pointí a thabhairt de réir an chaighdeáin Eorpaigh seo, rud a spreagfadh daltaí chun cúrsaí breise Gaeilge a dhéanamh.

Mar fhocal scoir, deir an Cárthach nach mór a fhiafraí cé chomh fada is a mhairfeadh féiniúlacht tíre tar éis teanga a chailleadh. Cailleadh féiniúlacht na gCumbrach i dtuaisceart Shasana in éineacht lena dteanga, agus níor thaise do na Gotaigh in oirthear Eorpa é. Dá dtréigfeadh na

Polannaigh a dteanga tar éis a dtír a bheith roinnte ar an bPrúis, an Rúis agus an Ostair sa 19ú haois, arbh fhéidir leo teacht slán arís mar phobal ar leith?

As náisiúnachas rómánsach an 19ú haois a fáisceadh an Conradh, gluaiseacht a bhfuil a rian fós ar an gCárthach. Cuireann sé an-bhéim ar an bhféiniúlacht náisiúnta, rud a nascann sé le teanga ar leith. Ní gá, áfach, gurb í an Ghaeilge an teanga sin. Níor chaill na hÉireannaigh a gcuid féiniúlachta de bharr Béarla a bheith acu, cé gurbh fhéidir a áiteamh go neartódh athshealbhú na Gaeilge í – tuairim atá ag a lán daoine a chuireann a glann chun na nGaelscoileanna, is dócha.

Ní féidir talamh slán a dhéanamh de, ach oiread, go meathfadh féiniúlacht na bPolannach cheal Polainnise. D'fhéadfá a áiteamh gurbh fhéidir leo í a athmhúnlú trí theanga nua mar a rinne na hÉireannaigh, cé go séanfadh na Polannaigh féin é sin scun scan! Bhí difríochtaí idir an dá chás: bhí an Pholainnis in úsáid fós ag gach aicme i gcúrsaí uile an tsaoil, ach in Éirinn baineadh béim síos as an nGaeilge i bhfad roimhe sin. Bhí an dátheangachas coitianta, rud a chuidigh go mór leis an mBéarla a chur i gcoróin. Maidir leis na Cumraigh (a raibh canúint den Bhreatnais – *Cymru* - acu) agus na Gotaigh, ba phobail bheaga iad nach raibh scoite amach a ndóthain óna gcomharsa: ba dheacair gan iad a mhúchadh luath nó mall.

Díol spéise agus díospóireachta iad na hathruithe oideachais atá á moladh ag an gCárthach, agus is léir go bhfuil an tAire féin sásta leasú a dhéanamh; ach bheadh rath na mioncholáistí oiliúna úd ag brath ar rath na Gaeltachta féin, agus tá an Cárthach orthu siúd atá beagán ródhóchasach sna cúrsaí seo. Is túisce a d'fhoghlaimfá Béarla ná Gaeilge sa limistéar naofa úd, agus ba bhlasta an Béarla é. Mar sin féin, admhaíonn cách anois nach féidir an curaclam a fhágáil gan athrú, cé nach cosúil go ndéanfar ábhar roghnach den teanga lenár ré.

Is fiú a rá arís gur mhór an chabhair don Ghaeilge ar fud an domhain dá gcuirfí an teanga á húsáid go forleathan in Éirinn. Ina dhiaidh sin, tá cuspóirí eile ag Gaeilgeoirí san Astráil, i gCeanada agus i dtíortha nach iad, cuspóirí nach mbaineann go díreach le díograis an Chárthaigh. Biodh súil againn, mar sin féin, le glúin nua a fhoghlaimfidh an teanga le fonn i gCaiseal Mumhan nó in Inis, agus le múinteoirí a bhfuil an teanga ar a dtoil acu. Ní sinne thar lear a bheidh thíos leis.



Glam ó thuaidh

A millionaire would like to establish a huge nature reserve in the north of Scotland – and even the wolf would be welcome.

Níl Garbhchríocha na hAlban chomh fiáin is a bhí: d'imigh an mac tíre (maraíodh an ceann deireanach sa bhliain 1743, más fíor) agus tháinig an chaora. D'imigh roinnt mhaith de na coillte freisin, agus ar éigin is gá tagairt a dhéanamh do mheath na Gàidhlig. Ach tá Paul Lister, toicí mór, ag iarraidh cuid den bhris a thabhairt isteach. Tá fonn air tearmann dúlra de 20,234 heicteár a dhéanamh i dtuaisceart na tíre, agus bheadh áit don mhac tíre ann.

De réir dhlí na hEorpa, caithfidh an rialtas smaoineamh ar ainmhithe a d'imigh a thabhairt ar ais. Deirtear gur diúltaíodh don bhéabhar féin agus ar éigin a bheadh fáilte roimh ainmhí níos fiáine, gan trácht ar an ngearán a dhéanfadh lucht siúlóide.

Ar éigean ab fhéidir an mac tíre a thabhairt ar ais go dtí Éire arís. Níl dreach na tíre oiriúnach chuige anois, agus níl lucht faoraoiseachta na tíre sásta coill den seansaghas Éireannach a chur ag fás arís ar chúis ar bith, cé gur fiú é a dhéanamh ar son an dúchais agus na turasoireachta féin. Ar phlandálacha tráchtála is mó atá aird acu. B'fhéidir go n-éireodh le Lister an fiántas a chur ar bun ina thír féin mar shampla don chomharsa. Fanaimis le glam na mac tíre taobh thuaidh d'Inbhir Nis.



Foraois

A new government and an old problem: the destruction of Indonesia's forests – echoing the felling which cleared both Ireland and Australia.

Má cheannaigh tú ball troscáin le déanaí agus é deánta d'adhmaid, seans gur tháinig an t-adhmaid sin ón Indinéis. Seans maith gur de *ramin*, adhmaid cruá a fhásann sna riasca, a rinneadh é. Seans an-mhaith gur leagadh go neamhdhlíthiúil é.

I stát Victoria, áit chónaithe *An Lúibín*, leag feirmeoirí (arbh Éireannaigh mórán acu) an t-uafás crann sa 19ú haois déag. In Éirinn féin leagadh coillte móra sa 17ú haois chun fioghual a dhéanamh nó chun an t-adhmaid a dhíol. San Indinéis tá an chuid is mó den leagarnach in aghaidh an dlí ach leantar di gan stad. Deirtear nár leagadh go neamhdhlíthiúil ach 9% den adhmaid a thagann isteach sa tír seo, ach sin luach os cionn \$400 milliún d'adhmaid in aghaidh na bliana.

Tá caomhnú na gcoillte san fhaisean sna tíortha saibhre a leag an chuid is mó dá gcrainn féin agus is mó a importálann adhmaid ón Tríú Domhan. San Indinéis tá baint ag scrios na foraoise le stair shuaite chomhaimseartha a thosaigh le díbirt na nOllannach. An tArm a bhain neamhspleáchas amach don tír, agus ina dhiaidh sin tháinig roinnt oifigeach agus lucht gnó le chéile ina mbaicle ar mhó acu a leas féin ná leas a dtíre. Bhí idé-eolaíocht náisiúnta ann agus cuspóir fiúntach aige – 17,000 oileán agus míle mionphobal a aontú d'ainneoin difríochtaí creidimh, teanga agus dearcaidh. Baineadh úsáid aisti chun cíocras na baicle a cheilt, go háirithe le linn Suharto. Creach, calaois agus foréigean na torthaí a bhí air, agus bhí airgead le baint as adhmaid. Lean leagan aindleathach na gcoillte meath morálta an stáit féin.

I dtús na haoise seo caite bhí 84% den Indinéis faoi chrainn; anois tá dhá mhiliún heicteár á nglanadh in aghaidh na bliana, agus éagsúlacht iontach dúlra á milleadh dá bharr. Is iad coillte na n-ísleán atá ag cothú ceann de na tionscail is mó sa tír, tionscal páipéir agus laíon páipéir. Tá crainn á leagan dólámhach d'fhonn plandálacha a chur agus mianadóireacht a dhéanamh. Is iad na tinte móra is mó a tharraing aird an domhain, tinte a lasadh d'aonghnó chun an tír a ghlanadh agus a d'fhág na táinte plúchta ag an deatach; ach is í an leagarnach aindleathach is mó a dhéanann dochar.

Ní mór a chuimhneamh go bhfuil na milliúin Indinéseach ag brath ar fhoraoiseanna na tíre chun a mbeatha a shaothrú, iad ag leagan rompu nó ag bailiú torthaí na coille. Ní hiadsan, áfach, is mó a bhaineann brabach as an adhmaid, ach lucht gnó san Indinéis agus sa Mhalaeisia ar cuma leo faoin truailliú a leanann an sábh. Is fada baint ag an Arm féin leis an scéal, agus oifigigh sáite sa ghnó mar atá siad sáite i ngnóthaí cama eile.

Is iomaí iarracht a rinneadh rialtas na hIndinése ar na coillte a chaomhnú; ach is beag an mhaith atá le dlíthe agus le horduithe mura dtugtar aird orthu. Bhí an Indinéis ar na chéad tíortha a chuir a lámh le comhshocrú na hÉagsúlachta Bítheolaí, agus beartaíodh plean náisiúnta sna nóchaidí lena chur i bhfeidhm, ach cuireadh an méid sin ó mhaith toisc an seanréimeas a bheith sáite i gcalaois agus i gcailéireacht. Tá na caimiléirí ann fós sna cúigí, agus cead raide acu ó scaoileadh cuing an lár-rialtais tar éis treascairt Suharto. Is iomaí baicle áitiúil atá ag déanamh gnó ar an tseandóigh agus leis na seanchleasanna: fomheastachán a dhéanamh ar an méid crann a leagadh, crainn a leagan taobh amuigh den teorainn dleathach, cáipéisí a fhalsú. B'fhada na rialacha féin ina dtranglam, agus treoracha riaracháin contrártha leis na dlíthe.

Tá rialtas nua san Indinéis anois agus a fhios acu go maith cé chomh dona is atá an scéal. Ní bheadh aon réiteach ab fhéarr ná caighdeán maireachtála an phobail a fheabhsú, rud a ligfeadh don bhochtán malairt oibre a fháil, ach sin réiteach nach ndéanfar amárach. Idir an dá linn b'fhéidir córas faire a chur ar bun a scrúdódh leagan, próiseáil, easportáil agus importáil an adhmaid. Anois féin tá daoine san Astráil agus in áiteanna eile ina bhun, ach tá na crainn ag titim i gcónaí.

